**Leasú 453**
**Delara Burkhardt**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD)

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná ***1.5*** kg de thorthaí agus glasraí úra, mura bhfuil gá léirithe ann chun caillteanas uisce nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint. | Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra | Pacáistiú aon úsáide le haghaidh níos lú ná ***1*** kg de thorthaí agus glasraí úra, mura bhfuil gá léirithe ann chun caillteanas uisce nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint, **nó *mura bhfuil na táirgí sin faoi réir PDO (Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) agus TGFC (Tásca geografacha faoi chosaint) faoi reachtaíocht an Aontais, nó mura bhfuil aon fhéidearthacht eile ann meascadh torthaí agus glasraí orgánacha le torthaí agus glasraí neamhorgánacha a sheachaint i gcomhréir leis na ceanglais i Rialachán (AE) 2018/848, maidir le deimhniúchán nó lipéadú***. | Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ***Bunóidh an Coimisiún liosta na dtáirgí lena mbaineann trí bhíthin gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, i gcomhairle leis na Ballstáit agus tar éis dó tuairim a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bia, faoin... [sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus breithneoidh siad an liosta torthaí agus glasraí úra a leagtar síos i gcuid IX d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Cuirfear san áireamh ann na rioscaí a bhaineann le milleadh agus cur amú bia, nuair a dhíoltar na táirgí sin ar an mórchóir.***<br>***Ní bheidh feidhm ag an bhforáil ach 18 mí tar éis ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe sin.***<br>***I ndáil leis sin, ba cheart don Choimisiún na forálacha a leagtar síos in Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chur san áireamh.*** | |

Or. en